
# DUILLEOG



Nuachtlitir Chomharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair

Uimh. 28 Nollaig 2013



**Tomás Mac Giolla Bhríde (1923 – 2013)**

Fuair Tomás Mac Giolla Bhríde nó Tom a'Bhungalow ma bhfearr aithne air bás ar an 9ú lá de Nollaig. Pearsa mór de chuid an phobail seo a bhí ann agus bhí suim aige ann achan ghné de shaol agus do fhorbairt an phobail. Bhí sé gníomhach ó bhí sé án óg in Aisteoirí Ghaoth Dobhair agus bhí sé ag léiriú drámaí suas go dtí an Samhradh seo. Sár aisteoir a bhí ann fhéin agus s críobh sé drámaí. Chuir sé suim ar leith i ndrámaí don óige go h-áirid do scoláirí Phobal Scoil Ghaoth Dobhair. Bhí sé ar an ghrúpa daoine a bhunaigh an Eastáit Tionscail ar an screabhán. Cara mór don Chomharchumann a bhí ann Tomás ón chéad lá a bunaíodh muid 25 bliain ó shin. Bhí sé i gcónaí ár gcur ar bhealach ar leasa ó thaobh láimhseáil airgide agus riaracháin de, ach fosta ó thaobh na teanga agus an chultúir de. Bhronn Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge céim oinigh MA ar Thomas in 2005 de bharr a chuid oibre ar mhaithe le forbairt pobail, teanga agus cultúir de. Nuair a bunaíodh "Guth na Gaeltachta" in 2009 faoi scáth an Chomharchumainn chuir sé suim mhór ann agus bhí sé an-sásta a leithéid de ghluaiseacht a bheith bunaithe sa Ghaeltacht. Ba mhaith leis an Chomharchumann a gcomhbhrón ó chroí a dhéanamh lena Theaghlach ar a bhás. Caill mhór don phobal é. Ár mbeannacht leat a Thomáis agus gur i móide theaghlach Dé na Glóire d'anam uasal.



Thug an grúpa do Ghaeil Cheanada agus Mheiriceá a bhí ar chamchuairt ar fud na tíre cuairt ar Ghaoth Dobhair ar an Domhnach 26ú lá de Deireadh Fómhair. Bhí siad ag Aifreann 11.00 r.n. i nDoirí Beaga, áit a chuir an Sagart Paróiste an tAthair Ó Baoill fáilte rompu. Thug siad cuairt ar an Chrannóg ansin, áit ar chuir an Comharchumann lón ar fáil daofa. As sin chuaigh siad go Doire, Carn Tochair agus ar aghaidh go Béal Feirste. Bhí 25 duine ar fad ann. Ba é stiúrthóir Ghaeil Cheanada Arailt Mac Giolla Cheannaigh a bhí ina mbun. Thosaigh Arailt ag foghlaim Gaeilge sa Chrannóg faoi stiúir Mhicheál Uí Dhomhnaill sa nóchaidí. Thug cuid acu cuairt ar Oireachtas Na Gaeilge gCill Áirne ina dhiaidh sin.

***Tá an Nollaig ar an tsúil againn! Ba mhaith leis an Chomharchumann Nollaig mhaith agus bliain úr faoi mhaise a ghuí daoibh uilig.***

# Lá Teaghlaigh sa Chrannóg



Santa sa 'Morris Minor' glas!!

Arís i mbliana bhí lá mór teaghlaigh sa Chrannóg ar an 14ú lá de Nollaig. Lá fuar, fliuch, gaofar a bhí ann ach níor stad sin Daidí na Nollag ó theacht ar chuairt chuig na páistí sa Chrannóg. Bhí rogha mhór d'earraí le díol ar an lá chomh maith. Bhí thar 170 páiste i láthair. Tógadh €1037 a rachas chun sochair do Ionad Lae Ghaoth Dobhair. Míle buíochas daofa sin uilig a thug cuidiú agus tacaíocht ar dhóigh ar bith, don lá.



Fliuch agus eile tá Fáilte roimh Santa



Roinnt de na h-earraí a bhí ar díol ar an lá



Fáilte mhór roimh Santa óna Mamaí chomh maith!



Croí isteach ó Dhaidí na Nollaig



Santa ina 'gazebo' draíochtúil



Cúpla port ceoil do Santa i ndiaidh lá cruaidh oibre



Tá Cathal ar an liosta dána!



Mná an tae!!

**Ceardlann i Léiriú Drámaí.**

An bhfuil suim agat i léiriú drámaí. Beidh ceardlann 4 lá leis an léiritheoir Beartla Ó Flaithearta (Ros na Rún) ar siúl sa Chrannóg mí Eanáir ag toiseacht ar an 18 Eanáir. Tá an ceardlann seo urraithe ag Ealaíon na Gaeltachta agus tá sé saor in aisce agus beidh sé go h-iomlán trí Ghaeilge. Tá spásanna teoranta ! Bheadh se ina chuidiú da mbeadh taithí éigin agat ndrámaíocht . Clárú roimh ré riachtanach agus béidh spásanna teoranta . Scairt ar an Chrannóg ag 9532208

# An Píobaire Mór



Sheol Mairéad Ní Mhaonaigh DVD faoin Phíobaire Mhór ar an 11ú lá de Nollaig sa Chrannóg.

Comhléiriú idir an Acadamh agus an Comharchumann atá ann. Tá cóipeanna ar fáil ins na siopaí áitiúla anois ar €5 an ceann agus tá an t-airgead go h-iomlán ag dul chuig Cumann Naomh Uinsionn De Pól. Rinneadh an clár a thaispeáint ina iomláine tar éis a sheolta. Bhí taispeantas píobaireachta ó phíobairí óga na Crannóige, faoi stiúir Conor Day.



Máire Mhic Niallais ag bronnadh pictiúr den Phóibaire Mhór ar Mairéad Ní Mhaonaigh. Ó chlé: Éamonn Mac Niallais, Antoin Mac Aodha, Ray Fallon, Cathal Ó Gallachóir agus Mícheal Ó Domhnaill.





'Mummers' na Samhna ón rang scéalaíochta agus aithriseoireachta sa Chrannóg.